Taighde Fócasghrúpa chun an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, a athbhreithniú

Bileog Faisnéise do Thuismitheoir(í) nó do Chaomhnóir(í)

Réamhrá

Oibríonn an Dr Elaine Walsh agus an Dr Mary Nugent, agus foireann cúntóirí taighde, don Scoil Oideachais, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC). Tá siad ag cabhrú leis an Roinn Oideachais an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, a athbhreithniú trí fhócasghrúpaí a úsáid.

Cad faoi a bhfuil an taighde seo?

- Foráiltear leis an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, d'oideachas a chur ar leanaí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Tá roinnt alt den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu atá i bhfeidhm le breis agus 19 mbliana anuas.
- Le linn na tréimhse sin, tháinig a lán athruithe beartais agus forbairtí beartais chun cinn maidir leis an oideachas do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Is é sin an fáth ar iarr Josepha Madigan TD, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht speisialta as Oideachas Speisialta agus Cuimsiú, **athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004**.

Cén fáth a bhfuil sé seo á dhéanamh againn?

Tá sé seo á dhéanamh againn chun a chinntiú go bhfuil an reachtaíocht ag teacht leis na dea-chleachtais reatha sa tír seo agus ar fud an domhain araon agus go dtacaíonn sí leis an oideachas is fearr is féidir agus na torthaí is fearr is féidir a

sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ó thús deireadh a scolaíochta.

Cad is fócasghrúpa ann?

Is é is fócasghrúpa ann ná grúpa de dhaoine a n-iarrtar orthu páirt a ghlacadh i bplé nó aiseolas a thabhairt ar thopaic. Sa chás seo, is é an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, an topaic.

Cén fáth a bhfuiltear ag iarraidh ar do leanbh páirt a ghlacadh ann?

Táthar ag iarraidh ar do leanbh páirt a ghlacadh ann toisc go bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici agus go bhfaigheann sí nó sí cabhair bhreise ar scoil, agus toisc gur mhaith linn cloisteáil faoina eispéiris nó faoina heispéiris ar scoil. Ba mhaith linn cloisteáil faoi na nithe seo a leanas:

- Na rudaí a n-éiríonn leo
- Na rudaí nach n-éiríonn leo
- Na rudaí is gá a athrú
- Aon rud eile ba mhaith leis nó léi a chur in iúl faoina eispéiris nó faoina heispéiris ar scoil

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach ndéanfar aon difear don rochtain atá ag do leanbh ar sheirbhísí i scoileanna nó i suíomhanna sláinte má ghlacann sé nó sí páirt sa staidéar seo.

Cad a tharlóidh dá mba mhaith leat go nglacfadh do leanbh páirt sa staidéar seo?

Céim 1: Toiliú agus Ceistneoir

A. Iarrfar ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) foirm toilithe a chomhlánú agus í a chur ar ais chuig Foireann Taighde an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu.

B. Iarrfar ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) ansin ceistneoir a chomhlánú chun tuilleadh faisnéise a insint dúinn faoina leanbh:

- céadainm
- aois
- an contae a gcónaíonn do leanbh ann, agus an baile is gaire
- an cineál scoile a bhfreastalaíonn sé nó sí uirthi
- diagnóis, más ann
- na rudaí ar scoil a dteastaíonn cabhair leo uaidh nó uaithi

- conas a cheapann tú gur mhaith le do leanbh páirt a ghlacadh ann:
    - i ngrúpa aghaidh ar aghaidh le thart ar dháréag eile de leanaí nó de dhaoine óga
    - i ngrúpa ar líne
    - trí phacáiste gníomhaíochta a chomhlánú
- na tacaí ar féidir go dteastaíonn siad ó do leanbh chun cabhrú leis nó léi páirt a ghlacadh i ngrúpa (e.g., ateangaire teanga comharthaíochta, sainroghanna céadfacha, bréagáin mhéire, duine éigin le dul in éineacht leis nó léi)

Céim 2: Cruinniú Comhroinnte Faisnéise ar Líne

Más rud é go bhfaigheann an fhoireann taighde foirm toilithe chomhlánaithe agus ceistneoir comhlánaithe uait, déanfaimid teagmháil leat chun:

a) Cruinniú gairid ar líne leatsa agus le do leanbh a eagrú chun an bhileog faisnéise a athbhreithniú agus aon cheisteanna atá ag do leanbh a fhreagairt.

Céim 3: Fócasghrúpaí

Buailfimid le do leanbh agus le thart ar dháréag leanaí eile. Buailfimid leo i scoil le haghaidh fócasghrúpa i bpearsa, nó buailfimid leo ar líne, ar feadh thart ar dhá uair an chloig. Rachaidh tuismitheoir(í) agus caomhnóir(í) in éineacht lena leanaí chuig na fócasghrúpaí i bpearsa agus féadfaidh siad freastal ar na fócasghrúpaí ina dteannta i gcáil tacaíochta nó fanacht i seomra in aice láimhe.

I gcás an chruinnithe ar líne, beidh ar thuismitheoir(í)/ar chaomhnóir(í) bheith i láthair sa seomra nó i seomra in aice láimhe freisin.

Le linn na ngrúpaí i bpearsa agus na ngrúpaí ar líne, déanfaimid cineálacha difriúla gníomhaíochtaí a chabhróidh linn saol scoile do linbh a thuiscint:

- Labhairt faoi na daoine agus na gníomhaíochtaí is fearr le do leanbh ar scoil
- Labhairt faoi rudaí ba mhaith le do leanbh a athrú ina scoil
- Labhairt faoin scoil is ansa le do leanbh
- Smaointe a chomhroinnt faoi conas a d'fhéadfadh an scoil a bheith níos fearr do leanaí agus daoine óga a dteastaíonn roinnt cabhrach uathu leis an bhfoghlaim

Maidir le roinnt leanaí nár mhaith leo páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpa, is féidir go dtabharfar cuireadh dóibh chun pacáiste gníomhaíochta a chomhlánú. Iarrfaimid ar do leanbh:

- Faisnéis a chomhroinnt faoi na daoine agus na gníomhaíochtaí is fearr leis nó léi ar scoil
- Faisnéis a chomhroinnt faoi rudaí ba mhaith leis nó léi a athrú ina scoil
- Faisnéis a chomhroinnt faoin scoil is ansa leis nó léi
- Smaointe a chomhroinnt faoi conas a d'fhéadfadh an saol scoile a bheith níos fearr do leanaí agus daoine óga a dteastaíonn roinnt cabhrach uathu leis an bhfoghlaim

Tá seans ann gur mó an líon leanaí agus daoine óga ar spéis leo páirt a ghlacadh ann ná mar is féidir linn freastal orthu. Dá bhrí sin, tá seans ann nach roghnófar do leanbh chun páirt a ghlacadh ann. Déanfaimid ár ndícheall, áfach, a chinntiú go mbeidh fócasghrúpaí ag déanamh ionadaíocht don oiread tuairimí difriúla agus eispéireas difriúil agus is féidir.

Conas a úsáidfear faisnéis do linbh?

- Úsáidfear an fhaisnéis chun bonn eolais a chur faoi chomhdhéanamh agus dearadh na bhfócasghrúpaí.
- Úsáidfear í chun rannpháirtithe a n-iarrfar orthu an pacáiste gníomhaíochta a chomhlánú a roghnú.
- Úsáidfear í chun cur síos a dhéanamh ar na rannpháirtithe sa tuarascáil deiridh.
- Más rud é nach nglacann do leanbh páirt ann sa deireadh, scriosfar an fhaisnéis sin a luaithe atá rannpháirtithe le haghaidh na bhfócasghrúpaí roghnaithe againn.
- Más rud é go nglacann do leanbh páirt sa staidéar, scriosfar an fhaisnéis sin a luaithe atá an tuarascáil scríofa ag an Roinn Oideachais.
- Taifeadfaimid ar bhealaí difriúla an fhaisnéis a chomhroinneann do leanbh linn:
    - Taifeadtaí fuaime
    - Nótaí plé/sonraí smeach-chairte/foirmeacha aiseolais.
    - Líníochtaí a tharraingíonn do leanbh

- Comhroinnfear an fhaisnéis sin ar fad ar ríomhairí glúine na mball foirne, atá faoi chosaint pasfhocail, agus códófar í chun sábháilteacht a chinntiú.
- Seiceálfaimid le do leanbh go bhfuil sé nó sí sásta lenár nótaí agus leis na líníochtaí a bhailímid uaidh nó uaithi.

Conas a chosnófar do phríobháideacht?

- Déanfar an fhaisnéis a chomhroinneann tú i dtús an staidéir a anaithnidiú ionas nach mbeifear in ann í a nascadh leatsa ná le do leanbh. Chomh maith leis sin, stórálfar í go slán ar ríomhaire atá glasáilte le pasfhocal agus atá códaithe le haghaidh sábháilteacht bhreise. Is ann freisin do chód speisialta ar

féidir leis an t-anaithnidiú sin a aisiompú. Mar sin féin, coinnítear an cód sin go slán i gcomhad ar leith atá glasáilte agus códaithe.

- Bainfear aon mhionsonraí a bhféadfaí tusa nó do leanbh nó aon duine eile a labhraíonn do leanbh faoi nó fúithi le linn na bhfócasghrúpaí a shainaithint uathu.
- Ní bheidh ach foireann taighde COBÁC in ann amharc ar aon fhaisnéis a bhféadfaí do leanbh a shainaithint uaithi.
- Ní bheidh an Roinn Oideachais in ann amharc ar aon fhaisnéis seachas faisnéis a bhfuil aon leideanna céannachta bainte di.
- Ag deireadh an staidéir seo, tabharfar tuarascáil don Roinn Oideachais agus scriosfar an fhaisnéis ar fad a bhailíomar.
- Is faoi rúin a bheidh an fhaisnéis ar fad a bhailítear, mura gcuireann do leanbh in iúl go bhfuil seisean nó sise nó duine éigin a bhfuil aithne aige nó aici air nó uirthi i mbaol. Déanfar aon riosca(í) do leanaí a thuairisciú i scríbhinn do Tusla.

Cad a dhéanfaimid leis an bhfaisnéis a bhailímid?

Úsáidfimid ríomhchláir dhifriúla chun taifeadtaí fuaime a thras-scríobh agus chun an fhaisnéis a bhailímid a eagrú agus a bhainistiú. Úsáidfidh an fhoireann taighde an fhaisnéis sin chun tuarascáil ar ár bhfionnachtana a scríobh don Roinn Oideachais. Scriosfaimid ansin an fhaisnéis ar fad atá sábháilte ar ríomhairí glúine na mball foirne.

Tairbhí agus Rioscaí

- Tá seans ann go mbeidh sé i gceist leis an rannpháirtíocht i bhfócasghrúpaí éisteacht le faisnéis choscrach nó faisnéis choscrach a chomhroinnt, agus tá seans ann go mbeidh leanaí trí chéile faoi roinnt de na heispéiris a chomhroinntear.
- Tá seans ann go mbeidh sé míchaoithiúil páirt a ghlacadh i bhfócasghrúpa. Mar shampla, tá seans ann go mbeidh ortsa agus ar do leanbh turas fada a thógáil chun freastal air agus roinnt ama a thógáil amach as bhur ngnáthshaol laethúil.
- Tá seans ann go mbuailfidh tusa agus/nó do leanbh san fhócasghrúpa le duine éigin a bhfuil aithne agatsa nó aige nó aici air nó uirthi.
- Tá seans ann go rachaidh rannpháirtíocht i bhfócasghrúpa chun tairbhe do do leanbh, agus é nó í ag comhroinnt smaointe agus ag baint leas as an deis chun éisteacht le tuairimí daoine eile.
- Trí pháirt a ghlacadh ann, tá an deis ag do leanbh rannchuidiú le taighde agus le beartas oideachais speisialta a fhorbairt.

An Ceart chun Tarraingt Siar

Tá an ceart agatsa agus ag do leanbh chun bhur dtoiliú/bhur n-aontú le páirt a ghlacadh sa taighde a tharraingt siar am ar bith roimh lá na bhfócasghrúpaí agus le linn an lae sin é féin.

Ar lá an chruinnithe fócasghrúpa, féadfaidh do leanbh a roghnú freisin cé acu a ghlacfaidh sé nó sí nó nach nglacfaidh sé nó sí páirt i gceann ar bith de na gníomhaíochtaí fócasghrúpa. A luaithe atá páirt glactha aige nó aici i ngníomhaíocht fócasghrúpa, áfach, tá seans ann nach mbeifear in ann a ionchur nó a hionchur a bhaint, mura rud é gurb é atá ann ná aighneacht ar leith nó mír ar leith is féidir a leanúint ar ais chuige nó chuici mar dhuine aonair.

Má bhítear in ann ionchur do linbh a bhaint, is féidir leat an iarraidh sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann taighde (epsen@ucd.ie) suas le dhá lá oibre tar éis an chruinnithe fócasghrúpa.

Aiseolas maidir le Fionnachtana an Taighde

Seolfaidh Foireann Taighde COBÁC an tuarascáil uaithi chuig an Roinn Oideachais. Ullmhóidh an Roinn Oideachais ansin tuarascáil níos cuimsithí ina gcuirfear na fionnachtana uile ón Athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu i láthair agus foilseoidh sí an tuarascáil sin ar https://www.gov.ie/en/consultation/e3842-epsen-review-consultation/ amach sa bhliain 2024.

Déan teagmháil leis an bhFoireann Taighde ag epsen@ucd.ie, le do thoil, má bhíonn aon cheisteanna eile agat faoin staidéar.